



Aighneacht

**Comhairliúchán Poiblí ar an Dréachtchreat Náisiúnta
Infheistíochta um Iompar in Éirinn**

Meitheamh 2021

CÚLRA

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus is iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Dréachtchreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn.

Is í aidhm na haighneachta seo ná moltaí a dhéanamh chun cinntiú go mbeidh an Ghaeltacht lárnach sa Dréachtchreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn.

AN GHAELTACHT

De bharr go bhfuil na ceantair Ghaeltachta scaipthe thar roinnt contaetha éagsúla, le hoileáin san áireamh, tá riachtanais iompair éagsúla ag teastáil. I bhformhór na Gaeltachta níl seirbhís iompair phoiblí sásúil ar fáil agus is gá mótarfheithicil a bheith agat chun na Gaeltachta a thaistil. Fiú agus seirbhís iompair phoiblí ar fáil ní bhíonn sé ar fáil sách rialta, rud a chuireann srian ar dhaoine ina gníomhaíochtaí sa Ghaeltacht. Tá bóithre agus droichid le deisiú, go háirithe i gConamara agus tá go leor céanna a bhfuil gá le hobair a dhéanamh orthu. Tá anailís déanta ag AIRO (An tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile Éireann) ar an daonáireamh maidir le cúrsaí iompair lth. 50 - 52 https://senatorpadraigoceidigh.com/wp-content/uploads/2018/11/GaeltachtAreaProfileIrish_Online.pdf. Mar atá léirithe sa taighde tá pobal na Gaeltachta ag brath ar bhealaí iompair príobháideacha chun na hoibre agus na scoile, mar shampla, 83.2% i Limistéar Phleanála Teanga na Ceathrún Rua i gcomparáid leis an mheán stáit de 62.4%.

MOLTAÍ

Plean infheistíocht a ullmhú chun bonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí a chinntiú do phobal na Gaeltachta, pobal atá i dteideal na seirbhísí céanna is atá ag gach saoránach eile:

- Is gá iniúchadh a dhéanamh ar bhonneagar agus seirbhísí iompair sa Ghaeltacht, chun na riachtanais taisteal poiblí a mheas agus na bearnaí atá ann i dtaobh soláthair na seirbhíse seo a aithint. Is gá breathnú freisin ar na riachtanais a bheidh ag an bpobal sa todhchaí.
- Tascfhórsa a bhunú chun an bonneagar agus seirbhísí iompair a chruthú sa Ghaeltacht.
- Iniúchadh a dhéanamh sna ranna éagsúla agus údaráis áitiúla chun a fháil amach cén fáth go bhfuil an laghad airgead á chaitheamh sa Ghaeltacht ar an mbonneagar agus seirbhísí iompair agus an drogall atá orthu gníomhú chun an bonneagar a chur i gceart, fiú amháin nuair atá an t-airgead ann agus cead pleanála tugtha, mar shampla:
 - Bád farantóireachta nua a chur ar fáil do phobal Thóraigh agus chun obair a dhéanamh ar an gcé ar an oileán.
 - Obair a dhéanamh ar chéanna na hoileáin Árann.
 - Tá obair ag teastáil ar na droichid i gCeantair na nOileán i Leitir Mór, Contae na Gaillimhe.
 - Obair dheisiúcháin riachtanach a dhéanamh ar bhóithre na Gaeltachta trí chéile.

San iniúchadh seo ní mór a chur san áireamh go bhfuil go leor seirbhísí stáit a bhíodh á chur ar fáil go háitiúil sa Ghaeltacht bogtha chuig na príomhbhailte chontae, seirbhísí ar nós oifigí leasa shóisialaigh. Tá an rud céanna fíor faoi sheirbhísí príobháideacha ar nós na mbanc, Ciallaíonn sé seo go mbíonn ar phobal na Gaeltachta anois taistil go dtí na bailte seo chun rochtain a fháil ar na seirbhísí sin. Níl an soláthar seirbhís phoiblí méadaithe chun freastal ar an athrú seo.

- Caithfidh gach córas iompair phoiblí a fhreastalaíonn ar an nGaeltacht a chinntiú go mbeidh Gaeilge ag na hoibrithe atá ag obair sa Ghaeltacht chun seirbhísí nGaeilge a chur ar fáil don phobal.
- Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 deir sé '33. (2) I gcás ina ndéanfaidh an tAire dearbhú faoi [alt 32](#) i leith logainm i limistéar Gaeltachta, ní bheidh aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla den logainm amháin ón dáta feidhme'. Tá leagan galldaithe á úsáid de logainmneacha Gaeltachta ar chomharthaí busanna agus amchlár, caithfidh sé sin críochnú láithreach ar an bhonn go bhfuil sé mídhleathach agus an leagan Gaeilge amháin a úsáid.
- Is gá a chinntiú go bhfuil gach lógó nó libhré ar fheithicil a bhfuil comhlacht stáit nó leathstáit ag cur iompair phoiblí ar fáil go bhfuil sé i nGaeilge amháin nó go dátheangach de réir Acht Iompair 1950. **57.** —(1) Ní foláir na buan-fhógraí agus na buan-chomharthaí poiblí uile (lena n-áirítear ainmneacha stáisiún) a bheas á gcothabháil ag an mBord a bheith i nGaeilge ach is cead iad a bheith i nGaeilge agus i mBéarla. Tá Conradh na Gaeilge ag moladh go mbeidh na lógónna nó libhré i nGaeilge amháin do sheirbhísí iompair ag feidhmiú sa Ghaeltacht.

CONCLÚID

Tá easpa infheistíochta á dhéanamh sa bhonneagar agus seirbhísí iompair sa Ghaeltacht agus is gá é sin a leigheas láithreach. Tá sé thar am don stát an bonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta.

Táimid ar fáil le plé faoin aighneacht seo ar do chaoithiúlacht.